


Trí Scéal Nuachta

Ceist 1 (A) Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal nuachta. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. monarcha _____
2. lonnaithe _____
3. táirgeann _____
4. baill _____
5. i mbun léirsithe _____
6. ionad dáileacháin _____
7. praghsanna mairteola _____
8. cuir cóir leighis ar _____
9. neamhspleách _____
10. amhrasach _____



Ceist 1 (B) Anois, agus na focail sin ar eolas agaibh, cad a bheidh faoi chaibidil sna trí scéal ghearra, dar libh?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc faoi dhó agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi na trí scéal.

Ceist 3 Cad a tharlóidh anois, dar libh?
Pléigh deirí na scéalta anois leis an duine in aice leat.

Scéal 1 – Cad a tharlóidh do na daoine atá ag obair sa mhonarcha?

Scéal 2 – Cén toradh a bheidh ann do na feirmeoirí as a bheith ag léirsiú?

Scéal 3 – Cá mbeidh Michael Healy-Rae ag obair?

Ceist 4 ‘...aistreofar...’

Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart den bhriathar san aimsir fháistineach:

	aistrigh	bunaigh	cuir	glan
An fhoirm cheisteach				
An freagra dearfach				
An freagra diúltach				
An saorbhriathar dearfach				
An saorbhriathar diúltach				

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Féachaigí ar an script – tá an séimhiú fágtha ar lár ocht n-uaire déag ann. An féidir libh gach séimhiú a chur san áit chuí? Éistigí leis an tuairisc arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Scéal 1

Tá 150 post le himeacht i monarcha *Rondo Food*, atá lonnaithe san Inbhear Mór i gContae Cill Mantáin. Comhlacht as an nGearmáin is ea é Rondo Food, a táirgeann bia do madraí agus do cait.

Agus tá an monarcha san Inbhear Mór le dúnadh ag deireadh mí Eanáir. Dúirt *Rondo Food* gur glacadh gach ní san áireamh sula ndearnadh an cinneadh. Aistreofar an obair thar n-ais chun na Gearmáine anois.

Scéal 2

Bhí baill de Cumann na bhFeirmeoirí, an IFA, i mbun léirsithe lasmuigh d'ionad dáileacháin *Tesco*, i dtuaisceart Contae Baile Átha Cliath ar maidin.

Is é seo an tríú hionad dáileacháin a bhfuil na feirmeoirí tar éis léirsiú os a comhair, faoi praghsanna mairteola le déanaí.

Dúirt Uachtarán an Cumainn, Joe Healy, go bhfuil an bearna ag leathnú i gcónaí idir an praghas atá feirmeoirí ag fáil dá gcuid mairteola anseo agus an cuid eile den Eoraip.

Scéal 3

Cuireadh cóir leighis ar an Teachta Dála Neamhspleách, Michael Healy-Rae, d'análú deataigh ar maidin. D'fúlaing an Teachta Dála análú deataigh tar éis do tine briseadh amach ina oifig i gCill Garbháin, i gContae Ciarraí.

Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála. Creideann na Gardaí gur timpiste a bhí ann agus nach bhfuil aon ní amhrasach faoin eachtra.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil aon pheata agat? Cad a itheann sé?
2. Cén fáth a mbíonn daoine ag léirsiú de ghnáth?
3. Cé hiad na Teachtaí Dála i do dháilcheantar? An bhfuil aithne agat orthu?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 (A)

1. monarcha	<i>factory, plant</i>
2. lonnaithe	<i>situated</i>
3. táirgeann	<i>produces</i>
4. baill	<i>members</i>
5. i mbun léirsithe	<i>demonstrating</i>
6. ionad dáileacháin	<i>distribution centre</i>
7. praghsanna mairteola	<i>beef prices</i>
8. cuir cóir leighis ar	<i>treat</i>
9. neamhspleách	<i>independent</i>
10. amhrasach	<i>suspicious</i>

Ceist 1 (B)

Tabhair deis do gach beirt na scéalta a phlé le chéile **sula** seinnfear an mhír.

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt na scéalta a phlé le chéile **tar éis** an mhír a sheinm faoi dhó.

Ceist 3

Tuairimíocht atá i gceist anseo. Ach seo cúpla freagra samplach:

Scéal 1

- beidh orthu dul ar an dól
- gheobhaidh siad poist nua
- gheobhaidh siad pacáiste iomarcaíochta

Scéal 2

- gheobhaidh siad praghas níos fearr ar a gcuid mairteola
- ní athróidh aon rud
- beidh cruinniú acu leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Scéal 3

- san oifig chéanna, mar níl mórán damáiste déanta
- beidh air a bheith ag obair ón bhaile
- bogfaidh sé isteach in oifig nua

Ceist 4

	aistrigh	bunaigh	cuir	glan
An fhoirm cheisteach	An aistroidh...?	An mbunóidh...?	An gcuirfidh...?	An nglanfaidh...?
An freagra dearfach	Aistroidh	Bunóidh	Cuirfidh	Glanfaidh
An freagra diúltach	Ní aistroidh	Ní bhunóidh	Ní Chuirfidh	Ní ghlánfaidh
An saorbhriathar dearfach	Aistreofar	Bunófar	Cuirfear	Glanfar
An saorbhriathar diúltach	Ní aistreofar	Ní bhunófar	Ní chuirfear	Ní ghlánfar

Ceist 5

Scéal 1

Tá 150 post le himeacht i monarcha *Rondo Food* atá lonnaithe san Inbhear Mór i gContae **Chill Mhantáin**. Comhlacht as an nGearmáin is ea é *Rondo Food*, a tháirgeann bia do mhadraí agus do chait.

Agus tá an m**h**onarcha san Inbhear Mór le dúnadh ag deireadh mhí Eanáir. Dúirt *Rondo Food* gur glacadh gach ní san áireamh sula ndearnadh an cinneadh. Aistreofar an obair thar n-ais chun na Gearmáine anois.

Scéal 2

Bhí baill de **Chumann** na bhFeirmeoirí, an IFA, i mbun léirsithe lasmuigh d'ionad dáileacháin *Tesco*, i dtuaisceart **Chontae Bhaile Átha Cliath** ar maidin.

Is é seo an tríú hionad dáileacháin a bhfuil na feirmeoirí tar éis léirsiú os a chomhair, faoi phraghsanna mairteola le déanaí.

Dúirt Uachtarán an Chumainn, Joe Healy, go bhfuil an bhearna ag leathnú i gcónaí idir an praghas atá feirmeoirí ag fáil dá gcuid mairteola anseo agus an chuid eile den Eoraip.

Scéal 3

Cuireadh cóir leighis ar an Teachta Dála Neamhspleách, Michael Healy-Rae, d'análú deataigh ar maidin. D'fhulaing an Teachta Dála análú deataigh tar éis do thine briseadh amach ina oifig i gCill Gharbháin i gContae Chiarraí.

Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála. Creideann na Gardaí gur timpiste a bhí ann agus nach bhfuil aon ní amhrasach faoin eachtra.

Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Scéal 1

Tá 150 post le himeacht i monarcha *Rondo Food*, atá lonnaithe san Inbhear Mór i gContae Chill Mhantáin

Comhlacht as an nGearmáin is ea é *Rondo Food*, a tháirgeann bia do mhadraí agus do chait.

Agus tá an mhonarcha san Inbhear Mór le dúnadh ag deireadh mhí Eanáir. Dúirt *Rondo Food* gur glacadh gach ní san áireamh sula ndearnadh an cinneadh. Aistreofar an obair thar n-ais chun na Gearmáine anois.

Scéal 2

Bhí baill de Chumann na bhFeirmeoirí, an IFA¹, i mbun léirsithe lasmuigh d'ionad dáileacháin *Tesco*, i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath ar maidin.

Is é seo an tríú hionad dáileacháin a bhfuil na feirmeoirí tar éis léirsiú os a chomhair, faoi phraghsanna mairteola, le déanaí.

Dúirt Uachtarán an Chumainn, Joe Healy, go bhfuil an bhearna ag leathnú i gcónaí idir an praghas atá feirmeoirí ag fáil dá gcuid mairteola anseo agus an chuid eile den Eoraip.

Scéal 3

Cuireadh cóir leighis ar an Teachta Dála Neamhspleách, Michael Healy-Rae, d'análú deataigh² ar maidin. D'fhulaing an Teachta Dála análú deataigh tar éis do thine briseadh amach ina oifig i gCill Gharbháin, i gContae Chiarraí.

Cuireadh fios ar na Seirbhísí Éigeandála. Creideann na Gardaí gur timpiste a bhí ann agus nach bhfuil aon ní amhrasach faoin eachtra.

¹ Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann an teideal oifigiúil as Gaeilge

² ionanálú deataigh an leagan caighdeánach